Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0338(NLE)**

**13540/23**
**ADD 9**

**ACP 88**
**WTO 144**
**COAFR 324**
**RELEX 1101**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 9 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 9.

Faoi iamh: COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2023
COM(2023) 562 final

ANNEX 9

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile**

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE
ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó PHOBLACHT NA CÉINIA

Tá an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, den pháirt eile, dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta chun críoch an Ráitis Chomhpháirtigh seo,

AG MEABHRÚ DÓIBH a luachanna comhroinnte agus na naisc láidre chultúrtha, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhair a thugann le chéile iad;

AG MEAHBRÚ DÓIBH Comhaontú Cotonou, arna leasú an uair dheireanach;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Conradh lena mbunaítear Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC) arna shíniú in Arusha an 30 Samhain 1999 agus a phrótacal maidir le Bunú Aontas Custaim Chomhphobal na hAfraice Thoir;

AG MEABHRÚ DÓIBH an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal na hAfraice Thoir;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas an comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus domhanda ar ábhar leasa coitinn iad;

AGUS RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú go gcothófar an inbhuanaitheacht leis an gComhaontú seo, ionas go rachaidh an fás eacnamaíoch i gcomhar le hobair chuibhiúil, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a chosaint, i gcomhréir iomlán le luachanna agus tosaíochtaí comhroinnte na bPáirtithe, lena n-áirítear tacaíocht don aistriú glas agus slabhraí luacha freagracha agus inbhuanaithe a chur chun cinn;

Tar éis a dheimhniú, i gcomhthéacs Airteagal 3 den Chomhaontú seo, go bhféachfaidh siad a thuilleadh le sásraí frithpháirteacha a neartú le haghaidh chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm éifeachtach na ngealltanas maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD), le linn na tréimhse athbhreithniúcháin tosaigh. Mar chuid den phróiseas sin chun an comhlíonadh frithpháirteach a chur chun cinn, d’fhéadfaí a áireamh ann treochláir cur chun feidhme, cúnamh airgeadais agus teicniúil, cur chuige rannpháirtíochta a spreagadh mar aon le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann ó thaobh gealltanais chomhaontaithe a chur chun feidhme.